



Úsáid teanga i gcumarsáid sheachtrach Eurojust



Clár na nÁbhar

Úsáid teanga i gcumarsáid sheachtrach Eurojust	2
Doiciméid phoiblí phleanála agus thuairiscithe.....	2
Tuarascálacha poiblí ar obair oibríochtúil Eurojust, ar shocruithe oibre.....	2
Fiosrúcháin phoiblí, iarratais ar rochtain ar dhoiciméid, iarratais ar rochtain ar shonraí pearsanta	2
Preaseisiúintí agus preasócáidí	2
Láithreán gréasáin.....	3
Na meáin shóisialta	3



Úsáid teanga i gcumarsáid sheachtrach Eurojust

Ina chumarsáid lena chomhpháirtithe sna Ballstáit agus le saoránaigh AE, baineann Eurojust úsáid as gach teanga oifigiúil an Aontais Eorpaigh. Cé gur i mBéarla go príomha a chruthaítear doiciméid Eurojust atá le dáileadh go poiblí, aistrefar iad go teangacha eile mar a thuairiscítear sa bheartas sin.

Doiciméid phoiblí phleanála agus thuairiscithe

Aistríonn Eurojust na doiciméid a leanas go gach teanga oifigiúil:

- Doiciméad Cláreagraithe Aonair (lena n-áirítear an Clár Oibre Bliantúil agus an Buiséad)
- Tuarascáil Bhliantúil

Tuarascálacha poiblí ar obair oibríochtúil Eurojust, ar shocruithe oibre

Is i mBéarla a dhréachtaítear tuarascálacha ó staidéir agus ó thionscadail straitéiseacha agus ó threoiríní arna gcur ar fáil ag Eurojust bunaithe ar chásobair. Déanann Eurojust an méid a leanas a aistriú go gach teanga oifigiúil:

- Téacs iomlán na dtreoiríní praiticiúla agus na lámhleabhar atá le húsáid ag cleachtóirí ina gcuid oibre laethúla;
- Achoimre/torthaí feidhmiúcháin na staidéar agus na dtionscadal straitéiseach.

Rinne Eurojust téacs iomlán na socruithe oibre a tugadh i gcrích le trío páirtithe a aistriú chuig gach teanga oifigiúil freisin.

Fiosrúcháin phoiblí, iarratais ar rochtain ar dhoiciméid, iarratais ar rochtain ar shonraí pearsanta

Agus iarratais ón bpobal á bhfreagairt aige, freagraíonn Eurojust i dteanga an iarratais. Chun freagairtí moillithe mar gheall ar riachtanais aistriúcháin a sheachaint, aistríonn Eurojust freagairtí caighdeánacha ar iarratais ar fhaisnéis, ar rochtain ar dhoiciméid agus ar rochtain ar shonraí pearsanta, agus braitheann sé ar chainteoirí dúchais ó shealbhóirí poist Eurojust chun iad sin a choigeartú de réir mar is gá.

Preaseisiúintí agus preasócáidí

Foilsíonn Eurojust preaseisiúintí i mBéarla.

I gcás go mbaineann siad le hobair oibríochtúil Eurojust, aistrítear na doiciméid sin agus doiciméid tacaíochta ábhartha go teangacha eile de chuid na mBallstát lena mbaineann nó de chuid trí tíortha i gcás

- go bhfuil amlíne an fhoilsithe leordhóthanach agus
- gur fearr preaseisiúint aistrithe bheith ann chun cuspóir na cumarsáide a chomhlíonadh.

I gcásanna ina dtarlaíonn forbairtí móra institiúideacha, más leordhóthanach í amlíne an fhoilsithe, aistrítear an phreaseisiúint agus na doiciméid tacaíochta go gach teanga oifigiúil.

I gcás preasócáidí (preasagallaimh, seisiúin faisnéise preasa), eagraíonn Eurojust ateangaireacht go teangacha Ballstát ar leith lena mbaineann nuair is féidir é sin a dhéanamh in eagrú na hócáide agus nuair is gá chun tionchar cumarsáide níos fearr a bhaint amach.



Láithreán gréasáin

Is é Béarla príomhtheanga láithreán gréasáin Eurojust. Is amhlaidh atá sé chun cur ar chumas na foirne Eurojust ábhar a chruthú, a mhonatóiriú agus a nuashonrú ar bhonn leanúnach.

Ná táirgí poiblí go léir de chuid Eurojust (Tuarascáil Bhliantúil, Doiciméad Cláreagraithe Aonair, socruithe oibre le tríú páirtithe, treoirlínte, achoimrí feidhmiúcháin ar staidéir agus ar thionscadail straitéiseacha, preaseisiúintí) a aistrítear go teangacha eile, déantar iad a fhoilsiú ar an láithreán gréasáin i ngach leagan teanga. Cruthaítear sa láithreán gréasáin bailiúcháin doiciméad i dteanga ar leith ar mhaithe lena n-úsáid a éascú (ar a dtugtar “leathanaigh thíre”).

Aistrítear na leathanaigh ina ndéantar cur síos ar ról Eurojust (“Cé sinn”, “Cad a dhéanaimid”, “Conas a dhéanaimid é” agus “Cén fáth a bhfuil tábhacht ag baint leis”) go gach teanga oifigiúil.

Foilsítear faisnéis maidir le conas dul i dteagmháil le Deascaí Náisiúnta ar leith i dteanga oifigiúil nó i dteangacha oifigiúla an Bhallstáit sin agus i mBéarla araon.

D’fhéadfadh leathanaigh eile a aistriú go teangacha oifigiúla eile má tá sé sin riachtanach chun cuspóir na cumarsáide a bhaint amach agus sa chás go bhfuil an t-ábhar sách cobhsaí nach gá an leathanach (agus, dá bhrí sin, na haistriúcháin) a nuashonrú níos mó ná uair amháin sa bhliain.

Na meán shóisialta

Foilsíonn cainéil meán sóisialta Eurojust ábhar i mBéarla, chun cur ar chumas na foirne Eurojust atá i gceannas ar bhainistiú na meán sóisialta postáil a dhéanamh, rialú cáilíochta a fheidhmiú agus freagairt d’aon tuairimí nó freagraí.

Le haipeanna na meán sóisialta, is féidir aistriúchán uathoibríoch a dhéanamh ar na téacsanna go teangacha oifigiúla eile.